

General Certificate of Secondary Education  
January 2011

## Matamaitic

Modúl N6 Páipéar 2  
**(Le hÁireamhán)**  
Ardsraith

[GMN62]



DÉ HAOINE 14 EANÁIR  
**10.45 am – 12.00 pm**

AM

1 uair 15 nóiméad.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann de na ceithre cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.


Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmí ar leathanach 2.


Don Scrúdaitheoir Amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	
13	
14	
<b>Marc Iomlán</b>	

# Bileog Foirmí

**Achar traipéisiam** =  $\frac{1}{2}(a+b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha  $\times$  fad



I dtriantán  $ABC$  ar bith


**Achar an triantáin** =  $\frac{1}{2} ab \sin C$



**Riail an tSínis:**  $\frac{a}{\sin A} = \frac{b}{\sin B} = \frac{c}{\sin C}$

**Riail an Chomhshínis:**  $a^2 = b^2 + c^2 - 2bc \cos A$


**Toirt sféir** =  $\frac{4}{3}\pi r^3$



**Achar dromchla sféir** =  $4\pi r^2$

**Toirt cóin** =  $\frac{1}{3}\pi r^2 h$

**Achar dromchla chuartha cóin** =  $\pi r l$



An chothromóid chearnach:

Faightear réitigh  $ax^2 + bx + c = 0$ , an áit a bhfuil  $a \neq 0$  tríd

$$x = \frac{-b \pm \sqrt{b^2 - 4ac}}{2a}$$

- 1 Tá 1 euro = 135.457 yen agus tá £1 = 1.09608 euro.

Tá £12 000 ar charr sa RA.

Tá 1.5 milliún yen ar an charr chéanna sa tSeapáin.

Cén tír ina bhfuil an costas is saoire ar an charr agus cad é an difear idir an dá chostas?

Scríobh do fhreagra ceart go dtí an £ is cóngaraí.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra \_\_\_\_\_ le £ \_\_\_\_\_ [4]


- 2 Cé acu díobh seo “ré-uimhir i gcónaí”, “corruimhir i gcónaí”, “is féidir gur corruimhir nó ré-uimhir atá ann” a chuireann síos ar an uimhir  $5n + 2$ ? Mínigh do fhreagra.

Freagra \_\_\_\_\_ mar \_\_\_\_\_

[2]

- 3 Taispeánann an graf faid is ama turas Áine ón ionad oibre aici go dtí an teach.

Déanann sí cuid den turas i mbus agus siúlann sí an chuid eile.



- (a) Cén dá am a bhfuil an siúl is gasta, ar an mheán, faoi Áine eatarthu?

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

- (b) Cá fhad san iomlán a shiúlann Áine ar an turas abhaile?

Freagra \_\_\_\_\_ km [2]

- (c) Cad é meánlusas an bhus?

Freagra \_\_\_\_\_ km/u [2]

- (d) Tá Áine agus a deirfiúr Aisling ina gcónaí sa bhaile agus tá siad ag obair san fhoirgneamh chéanna.

Taispeánann an graf chomh maith turas Aisling ar rothar.

Cá fhad ar shiúl óna chéile atá Áine agus Aisling ar 5.25 pm?

Freagra \_\_\_\_\_ km [2]

- 4 Taispeánann an tábla thíos cuid de na dóchúlachtaí go bhfaighfear dath ar rothlóir a bhfuil ceithre dhath air.

Dath	Dearg	Gorm	Glas	Dubh
Dóchúlacht	0.3	0.5	0.14	

Ríomh an dóchúlacht go bhfaighfear

(a) Dubh,

Freagra \_\_\_\_\_ [2]


(b) Glas nó Gorm.

Freagra \_\_\_\_\_ [2]


- 5 (a) Seasann an léaráid do sholad a rinneadh as ciúbanna 1 cm.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc




Ar an pháipéar cearnóg anseo thíos, tarraing aghaidhchló an tsolaid mar a fheictear ó **X** é.



[2]

- (b) Bhain dalta píosa dronuilleogach as píosa cairtchláir dar cruth L mar a thaispeánann an léaráid seo thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



níl an léaráid  
tarraigthe go beacht

- (i) Faigh achar an phíosa chairtchláir a bhí fágtha.

Freagra \_\_\_\_\_  $\text{cm}^2$  [2]

- (ii) Chóirigh an dalta na himill **uilig** ar an phíosa cairtchláir a bhí fágtha le ribín.  
Cén fad ribín a d'úsáid an dalta?

Freagra \_\_\_\_\_  $\text{cm}$  [2]

- 6 (a) Gan ach rialóir agus compáis in úsáid agat, tóg déroinnteoir ingearach na líne PQ.

Taispeán na línte tógála agat.




[2]

(b) Méadaigh an triantán le fachtóir scála  $-1$ , lár an mhéadaithe  $(1, 0)$ .

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



[3]

7 Tá na huillinneacha i dtriantán sa chóimheas  $4 : 5 : 6$

Faigh suim an dá uillinn is lú.

Freagra \_\_\_\_\_  $^{\circ}$  [3]

8 (a) Comhlánaigh an tábla do

Scrúdaitheoir Amháin


Marcanna Athmharc

$$y = 8 - 3x - x^2$$

$x$	-4	-3	-2	-1	0	1	2
$y$	4	8		10	8		-2

[2]

(b) Tarraing an graf de  $y = 8 - 3x - x^2$



[2]

(c) Úsáid an graf leis na réitigh a fháil don chothromóid seo a leanas

$$7 = 8 - 3x - x^2$$

Freagra  $x =$  \_\_\_\_\_ [2]

- 9** Ríomh an t-achar dromchla cuarthá do shorcóir dar fad 12 cm agus dar trastomhas 8 cm.

Scríobh do fhreagra ceart do dtí céim cruinnis chuí.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra \_\_\_\_\_ cm<sup>2</sup> [3]

- 10** Is é  $1.775 \times 10^6$  daonra Thuaisceart Éireann.

Is é  $2.675 \times 10^5$  líon na ndaoine atá ina gcónaí i mBéal Feirste.

Cén céatadán de dhaonra Thuaisceart Éireann atá ina gcónaí i mBéal Feirste?

Freagra \_\_\_\_\_ % [2]


11 Is triantán comhchosach é PQR ina bhfuil  $PQ = PR$ .

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Is pointí iad S agus T ar PQ agus PR sa dóigh go bhfuil  $PS = PT$ .

Is é U pointe trasnála TQ agus RS.



Cruthaigh, ar dtús, gur triantáin chomhionanna iad PQT agus PRS, agus ansin cruthaigh gur triantán comhchosach é QUR.

**Taispeán do chuid oibre uilig go soiléir.**

[4]

- 12 Athraigh an deachúil athfhillteach 0.83 ina chodán.

**Caithfidh tú do chuid oibre uilig a thaispeáint.**

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Freagra \_\_\_\_\_ [2]

- 13 Is é 0.5 an dóchúlacht go n-éireoidh le Marcas sa scrúdú Matamaitice agus is é 0.8 an dóchúlacht go n-éireoidh le Sinéad sa scrúdú Matamaitice.

Má éiríonn le Marcas sa scrúdú Matamaitice is é 0.7 an dóchúlacht ansin go n-éireoidh leis sa scrúdú Fisice.

Má theipeann air sa scrúdú Matamaitice is é 0.2 an dóchúlacht ansin go n-éireoidh leis sa scrúdú Fisice.

Má éiríonn le Sinéad sa scrúdú Matamaitice is é 0.9 an dóchúlacht ansin go n-éireoidh léi sa scrúdú Fisice.

Má theipeann uirthi sa scrúdú Matamaitice is é 0.3 an dóchúlacht go n-éireoidh léi sa scrúdú Fisice.

Faigh

- (a) an dóchúlacht go n-éireoidh le Marcas sa scrúdú Matamaitice agus sa scrúdú Fisice araon.

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

- (b) an dóchúlacht go dteipfidh ar an bheirt acu sa dá scrúdú.

Freagra \_\_\_\_\_ [3]

- 14** Tá an t-uimhreoir i gcodán níos lú de dhó ná an t-ainmneoir.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Nuair a shuimíonn tú 1 leis an uimhreoir agus 15 leis an ainmneoir, is ionann luach an chodáin nua agus aon trian den chéad chodán.

Bíodh an t-ainmneoir sa chéad chodán cothrom le  $x$ .

- (a)** Taispeáin go sásáíonn  $x$  an chothromóid chearnach.

$$x^2 - 8x + 15 = 0$$

[2]

- (b)** Uaidh sin, faigh na luachanna a d'fhéadfadh a bheith ag an chéad chodán.

Freagra \_\_\_\_\_, \_\_\_\_\_ [2]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---



Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.